# Guth Ghoill

Luach € 2.00



# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar

| | |
|---|---|
| Ranganna Ceoil | 1 |
| Bronnadh na dTeastas | |
| Ceolchoirm | |
| Clár | 2 |
| Caiseal na dTuath | 3 |
| Clanna eile Cheann na Leargaidh | 4 |
| Clocha | 11 |
| An Teach Mór | 12 |
| Naíonra Dhiarmada & Ghráinne | 13 |
| Fógraí Chéim Aniar | |
| Coiste Forbartha Charraig Airt | |
| Feadaímó | 14 |
| Scoil Naomh Bríd | 16 |
| An Mhaol Rua | |

# *Caiseal na dTuath*



Tuath an t-ainm a bhí ar thaillte an fhine sa cheantar. Is ó Thuatha Dé Danann a thagann an t-ainm seo, dream réamh-Cheilteach a bhí in Éireann fadó. Bhí 150 tuatha sa tír, agus caithfidh gur seo ceannáras cheann amháin acu.

Tógadh Caisleán na dTuath mar dhún nó suí ag Clanna Suibhne sa 16ú aois. Is é seo an príomh chaisleán a bhí acu. Tá balla-bábhún thart ar an túr lárnach sa chaisleán agus amharcann sé amach ar an fharraige ar thrí thaobh. Mar go bhfuil Caisleán na dTuath ar cheann de na dúnfoirt is láidre i nDún na nGall, tá páirt lárnach aige i stair na hÉireann. Tá cosúlachtaí idir an chaisléan agus na Túir-Thithe in Alban. Is ceann de na caisléain is fearr caomhnaithe in iar-thuaisceart na hÉireann é. Ba é Maolmhuire an Bhata Bhuí an taoiseach



deireanach i dTuath agus Ros Goill. Rinneadh taoiseach de i 1596. Throid sé ar an dá thaobh sa chogadh idir na hÉireannaigh agus na Sasanaigh. D'aistrigh sé a dhílseacht cúpla uair i rith na tréimhse seo. Chuaigh sé go Cionn tSáile le hAodh Rua Ó Dónaill i 1601. Ach throid sé do na Sasanaigh i gcoinne Chahir Uí Dochartaigh i 1608 (nuair a bhí Cahir bunaithe sa chaisleán).
Bhunaigh Cahir Ó Dochartaigh a cheannáras anseo sula ndearna sé ionsaí ar chathair Dhoire sa bhliain 1608. Fuair Clann Mhic Suibhne an caisleán ar ais i 1641 agus tháinig Eoghan Rua Ó Néill i dtír ag Caisleán na dTuath nuair a d'fhill sé ón Eoraip chun a bheith ina cheannfort ar Éirí Amach na bliana 1641.
I ndiaidh athghairm Charles II i 1660, ghlac na Sasanaigh seilbh ar an chaisléan go dtí na 1690í, nuair a fuair Clann Mhic Suibhne seilbh arís air.
Rinneadh athchóiriú ar an chaisléan thart fá 1800 agus bhí daoine ina gcónaí ann go dtí go luath sa 20ú aois. Tá sé faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) anois.

## *An Reilig ag Caisleán na dTuath*

Ón 14ú go dtí an 16ú aois adhlacadh muintir Mhic Suibhne sa reilig i nGartán in aice le háit bhreithe Cholmcille. Ach nuair a tógadh an caisléan thosaigh siad ag cur a muintire sa reilig anseo. Tá leac speisialta anseo do mhuintir Chlann Suibhne a adhlacadh anseo.

Fiú nuair a ghabh na Sasanaigh an caisléan agus taillte na n-Éireannach níor chur siad cosc orthu a muintir a chur sa reilig.
Rinne úinéir an chaisleáin sna 1830í, an Caeptaen Hart, an leac a chur isteach i mballa na reilige chun é a chosaint. Is é Eoghan Rua Mac Suibhne an duine deireanach de Chlann Suibhne a cuireadh sa reilig go luath sna 1850í. Ó shin i leith adhlacadh iad i nGartán.

*Cormac Mac Ualghairg*



*An Reilig ag Caisleán na dTuath*

## Na clanna eile i gCeann na Leargaidh.

## Na Kellers.



Teach Keller (Teach an Chef)

*Ba as an Eilbhéis do Louis Keller agus tháinig sé anseo le dhul ag obair in Óstlann Ros na Binne sna daichidí. Hilda May ab ainm don bhean agus ba Sasanach a bhí inti. Bhí beirt clainne acu, Hilary agus Margaret. Tá Hilary pósta fá cheantar Bhun Cranncha ach níl mórán eolais againn faoi Mhargaret. Ba na Kellers a thóg an teach sin a bhfuil Rory Ó Gallchóir ina chónaí ann anois. St. Etna an t-ainm a bhí acu ar an teach agus tá stíl agus cosúlacht na hEilbhéise ar an dearadh. Teach an Chef a thugtaí ar an teach seo sa tseanam agus leoga chluinfeá daoine ag tabhairt an t-ainm sin air corruair go fóill, no bfhéidir iad ag caint faoi choirnéal tí Chef.*

*Daoine príobháideacha a bhí iontu agus*



Ag tógáil an tí sa bhliain 1950.

*choinnigh siad acu féin cuid mhór. Ba ghnách le Hilda May turasóirí a choinneáil agus tae beag a dhéanamh do thurasóirí chomh maith. Ba ghnách léi fosta a bheith ag déanamh bábóg do charthanachtaí. I ndiaidh dóibh tréimhse a chaitheamh anseo d'imigh siad go dtí an Aifric Theas ag tús na gcaogadaí ach ní raibh siad ansin ach cúpla bliain nuair a phill siad ar ais ar na Dúnaibh.*

*Dhíol Louis an teach le clann Uí Ghallchóir (Micí Ned Ruaidhrí) i 1971 agus chuaigh se féin agus Hilda May a chónaí i gcarbhán ar thaobh na scoile do theach Rory go dtí go bhfuair seisean bás i mí Márta 1977. D'fhág sise an carbhán agus chuaigh sí anonn go Bun Cranncha chuig a mac Hillary agus ba ansin a fuair sí bás i mí na Bealtaine 1988.*

* * * *

## Teach Cheann na Leargaidh.

*Ba é an ministir Edward Clarke ón tSrath Bán, fear a bhí ina shéiplíneach leis an Chabhlach Ríoga (Royal Navy) a thóg an teach breá seo fán bhliain 1912. Fuair a bhean chéile agus a iníon Rachel Dill L'amie an teach le hoidhreacht nuair a fuair an ministir bás sa bhliain 1916. Cheannaigh Caitlín Nic Lochlainn (Cití Bhill) as Dún Dúbháin an teach ó Bhean Dill L'amie sa bhliain 1951 ach ní dheachaigh sí a chónaí ann. Ligeadh an teach amach ar cíos ar feadh tréimhsí ansin sular díoladh é leis an Chaptaen Wilshere sa bhliain 1957. Rinne an Captaen cóiriú ar an teach agus chuir sé síneadh leis agus chaith sé féin agus a bhean Rosemary traidhfil blianta ina gcónaí ansin. Bhí beirt mhac acu, Paidí a bhí ar Choláiste i mBaile Átha Cliath agus Bill a bhí ina chónaí sna Stáit Aontaithe. Bhí saol an mhadaidh bháin ag an lánúin seo. Bhí daoine fostaithe acu sa teach i gcónaí; bhí cailín a raibh Caitlín Nic Aodha uirthi leo nuair a tháinig siad anseo agus lena chois sin bhí cúpla duine ón cheantar fostaithe acu go lánaimseartha mar a bhí, Violet Nic Giolla*



Paidí Wilshere, Violet Nic Giolla Shionnaigh agus Nóra Nic Fhionnghaile

*Shionnaigh, Nóra Nic Fhionnghaile, agus Áine Nic Fhionnghaile.*
*Phós Caitlín fear as Carraig Airt darbh ainm Pádraig Ó Buaidhe, mac 'Johnny an Ghréasaí' agus chuaigh a chónaí i dTiobráid Árainn, áit a bhfuil siad go fóill.*
*D'imigh an Captaen agus a bhean go Bermuda ar feadh cúpla bliain agus ina dhiaidh sin tháinig siad ar ais agus rinne siad cónaí ar Oileán Mhanainn, áit a bhfuair Rosemary bás i Meitheamh na bliana 1964. Ach bhí a croí anseo i Ros Goill agus cuireadh í sa reilig in aice le hEaglais na hÉireann i gCarraig Airt. Tá a mac Paidí ina chónaí i mBaile Átha Cliath go fóill.*
*Cheannaigh Margaret Dunn as Contae an Dúin an teach sa bhliain 1968 mar theach saoire agus thagadh sí féin, a fear céile Tom, agus an chlann anseo go rialta ar laethanta saoire agus deirí seachtaine. Daoine cairdiúla, cuideachtúla a bhí iontu agus ba charachtar a*



*Teach Cheann na Leargaidh*

*bhí in Tom é féin a bhain greann as an tsaol. Ní raibh a dhath arbh fhearr leis a dhéanamh ná a dhul amach ag iascaireacht ina bhád bheag ar an Mhaol Ruaidh.*
*Dhíol siad an teach sa bhliain 1987 tamall i ndiaidh do Tom bás a fháil. Ba é Aodh Mac Giolla Bhríde (Hughie Hughie Óg) as na Dúnaibh a cheannaigh an teach agus tá sé féin agus a bhean chéile Heather ag tógáil a gclann ann anois. Is deas an rud é go bhfuil an teach breá seo in úsáid anois ag teaghlach de bhunadh na háite.*

# Teach Mhic Giolla Shionnaigh.

*Thuas os cionn na gcottages i gCeann na Leargaidh bhí teach Mhic Giolla Shionnaigh nó teach Isaac mar ab fhearr aithne air. Ba sa teach seo sa bhliain 1886 a rugadh James Mac Giolla Shionnaigh nó James Isaac mar a tugadh air. Ochtar ar fad a bhí sa chlann agus ba James an duine ba shine acu. Ar an mhuintir eile bhí William, John, Isaac, Annie, Catherine, Margaret, agus Mary. D'imigh an t-iomlán acu go Meiriceá ach amháin James, a d'fhan sa bhaile leis an fheirm a reáchtáil.*
*Pósadh James agus Cití, iníon le Alec (Elec)*




*Clann Mhic Giolla Shionnaigh céad bliain ó shin*

*Mac Giolla Shionnaigh as Míobhaigh Íochtarach. Ba fhíodóir a bhí in Alec agus bhí ochtar eile sa chlann comh maith le Cití - Andy, Alec, Robert, agus Thomas a chuaigh go Meiriceá, Willie a chur faoi i Sasana, Letitia a fuair bás ina hóige agus David agus Maggie a bhí sa bhaile i Míobhaigh Íochtarach.*
*Is fiú a lua gur rugadh máthair Chití, bean a raibh Mary Moore uirthi sna tithe a bhí ar Mhalaigh an Fhraoigh agus a clúdaíodh i ngaineamh le linn na stoirmeacha gainimhe sa naoú aois déag. Bhí sí tuairim is deich mbliana d'aois nuair a tharla seo agus ansin d'aistrigh an teaghlach suas go Tír Leathan agus bhí siad ina gcónaí sa teach sin a bhfuil Paidí Cullen agus a theaghlach ina gcónaí ann anois.*



*Mary Moore*

Chaith James Isaac a shaol ag dul den fheirmeoireacht agus bhí feirm bhreá aige ansin i gCeann na Leargaidh. Bhí dhá chapall aige i dtólamh agus lena chois sin bhí carr cliathánach aige agus ba ghnách leis daoine a bhíodh ag imeacht ar an traein a thabhairt go dtí an stáisiún traenach ar an Craoslach. Nuair a hathbhunaíodh an tSeirbhís Tarrthála Cósta sa cheantar sa bhliain 1924 ba James a bhí ina bhun. Ach sa bhliain 1937 fuair James bás gan é ach leathchéad bliain d'aois.


James Isaac

Chuir mé féin aithne mhaith ar an teach seo agus mé ag éirigh aníos sna caogaidí agus i dtús na seascaidí mar gur chaith mé bunús mo chuid ama idir é agus ceárta Mhic Gairbhe.


Den Mháire, seanChití agus Willie Mac Garbheith

Ceathrar a bhí ina gcónaí i dteach Mhic Giolla Shionnaigh san am sin; seanChití, a hiníon Cassie agus Violet iníon le Cassie. Bhí Den Mac Laifeartaigh nó Den Mháire mar ab fhearr aithne air ina chónaí sa teach fosta. Chuaigh Den ar fostú anseo agus é ina stócach óg agus chaith sé páirt mhaith dá shaol ann. Bhí feirm bhreá ag muintir Mhic Giolla Shionnaigh i gCeann na Leargaidh mar a luaigh mé cheana féin. Bhí talamh acu amuigh in aice le scoil Cheann na Leargaidh agus fosta thíos in aice le Lag na hUillinne, áit a dtugtaí an 'lag' air. Ba talamh curadóireachta a bhí i gcuid mhaith de seo ach bhí neart talaimh féaraigh ann comh maith. Bhí lear trealaimh feirmeoireachta i gcónaí fán teach agus is cinnte go raibh tarracóir ansin i bhfad sula raibh siad ar fheirmeacha eile. Bhí 'farmall cub' dearg acu agus ba Den a bhíodh breá bródúil as féin agus é amuigh ag obair leis. Bhí cuid mhór oibre ag baint leis an fheirm mar go raibh tréad mór eallaigh acu fosta, ba bainne ina measc agus ba ghnách leo bainne a sholáthar do theaghlaigh eile.

Ní raibh bean sa pharóiste a d'oibrigh comh dícheallach ar fheirm agus a rinne Cassie, ní raibh aon ghné den obair fheirme nach raibh lámh aici ann agus ba í a bhlíodh na ba uilig. Agus cé go mbíodh sí de shíor ag obair bhíodh aoibh lách fháiltiúil i gcónaí uirthi. Ach is cuimhin liom go maith maidin Domhnaigh amháin ar chur mé fearg go leor uirthi. Bhí veain ag Den sna caogaidí, ceann glas a raibh fuinneoga ar na taobhanna. D'fhágadh sé an veain ina shuí ar an tsráid cois an sciobóil nuair nach mbeadh sé a úsáid. Ba ghnách liom féin léimint isteach is amach inti agus a bheith ag tarraingt ar an roth stiúrtha, mo shamhlú


Den ar an "cub"

féin ag dul amach an bealach mór ar luas na gaoithe. De réir dealraimh an mhaidin áirithe seo chaith mé í amach as giar agus chas mé an roth stiúrtha thart rófhada agus d'imigh an veain le fána síos an tsráid. Léim mé féin amach aisti sula ndeachaigh sí rófhada ach ar shiúl leis an veain isteach sna seisreacha agus sna cliatha fhuirste a bhí ina luí taobh istigh de bhallaí na sráide. Ní raibh Den fán teach ach rith Cassie amach as an teach nuair a chonaic sí an veain ag dul thart leis an fhuinneog agus is breá feargach a bhí sí liom. Ach sílim ag an am chéanna go bhfuair sí faoiseamh mór nuair a chonaic sí mé ina sheasamh ansin agus nach thiar faoin veain a bhí mé! Agus má bhí sí feargach liom cha dtiocfaí a bheith ina dhiaidh sin uirthi.

Choinnigh mé amach as cosán Den go ceann fada go leor ina dhiaidh sin. Cé go raibh Den lán grinn agus cleasaíochta in amanna, d'fhéadfadh sé a bheith confach agus goirgeach go leor fosta agus bhí amanna eile ann a mbuaileadh taomanna feirge é gan mórán cúise agus nuair a tharlódh sin chaithfí a réim féin a



Cassie Nic Giolla Shionnaigh

thabhairt dó. Ach sin agus eile ba chuma cá mbeadh sé ag dul ar an tarracóir thabharfadh sé mise leis dá mbeinn thart, ag cur nó ag cruinniú prátaí, ag cur amach aoiligh, ag sábháil féir, ag sábháil móna, ag tarraingt uisce, nó ag cóiriú sconsaí. Dár ndóigh mar luach saothair ar cibé timireacht a dhéanfainn dó ligfeadh sé domh an tarracóir a stiúradh. Ba mhór an t-ábhar maímh a bhíodh ann domh féin a bheith ag insint do pháistí eile go raibh mé ag 'tiomáint tractor Den Mháire'.

Macasamhail tí feirme ar bith dá leithéid bhí cuid mhór ag dul ar aghaidh i gcónaí fán teach agus daoine ag teacht is ag imeacht, rud a d'fhág nach raibh easpa cuideachta ariamh ann. Chaitheadh seanChití a cuid ama fán chistin agus tchím í go fóill agus í crom os cionn na tine ag déanamh 'pancakes' agus ba seo rud a rinne sí go rialta agus a Dhia! nach iad a bhí blasta agus nach ise a bhí fial. B'iomaí tráthnóna Sathairn agus í ina seasamh sa choirnéal ag smúdáil a ba ghnách léi cúpla ciarsúr póca a chaitheamh chugam. Ní cuimhin liom í ariamh íde béil a thabhairt domh ná bagairt orm agus tá mé cinnte go dtug mé an t-ábhar sin dithe minic go leor. Fuair seanChití bás i mí Márta 1965 agus í naoi mbliana déag agus na trí scór.

Maidir leis an veain a luaigh mé tamall ó shin ba seo an veain a bhí le Den an Domhnach sin a chuaigh muid go Leitir Ceanainn a raibh na Dúnaibh ag imirt i gcluiche ceannais peile na Contae sa bhliain 1957. Is cuimhin liom go maith go raibh Hughie Carr (Hughie Fhánada), Micheál Mór Mac Giolla Bhríde (Micheál Dhonchaidh Mhicheáil) agus a uncail Paidí, agus Antoin a'Dochartaigh (Antoin an Oileáin) leis agus lena chois sin bhí mé féin agus Danny Connor; bhí mise tarraingt ar ocht mbliana ag an am agus Danny cúpla bliain níos sine. Níl mórán cuimhne agam ar an chluiche féin ach tá cuimhne mhaith agam ar chúpla eachtra a tharla ina dhiaidh sin. Dár ndóigh tugadh ruaig isteach i roinnt tithe leanna i ndiaidh an chluiche agus níl cuntas ar an líon 'cream sodas' a ceannaíodh domh féin agus do Danny. Ansin tugadh muid isteach i mbialann agus leathbealaigh fríd an bhéile tosaíodh ag argóint, cur i gcéill dár ndóigh, faoi cé a bhí dul a íoc as an bhéile. Tá cuimhne agam go raibh mé féin agus Danny imníoch go leor faoi seo mar dár ndóigh cha raibh leathphingin rua fágtha idir an bheirt againn, chan mórán a bheadh linn cibé is dócha, agus cha raibh

*barúil ar bith againn gur ag magadh a bhí siad. I ndiaidh an bhéile cuireadh an bheirt againne isteach sa veain ansin a fhad agus bhí na fir ag ól cúpla deoch eile. Ní cuimhin liom cad é comh fada agus a bhí muid ansin ach is cuimhin liom go maith go raibh géarghá againn don leithris i ndiaidh an méid a bhí ólta againn ach ní raibh mórán a thiocfadh linn a dhéanamh faoi sin agus muid páirceáilte ar phríomhshráid Leitir Ceanainn. Bhí muid i gcruachás ceart nuair a thug duine againn faoi deara go raibh poll in aice le doras cúil an veain. Ní raibh dóigh ar bith eile as !! Choimhéad muid an sruth uisce ag reáchtáil síos sráid Leitir Ceanainn agus ár gcroíthe amuigh go dtabharfaí faoi deara é, níl a fhios agam cad chuige? Caithfidhse gur phill na fir ar ais go gairid ina dhiaidh sin mar tugadh faoi deara an t-uisce agus ba Micheál Mór a labhair: 'Den' ar seisean, 'caithfidhse go bhfuil leak sa veain seo! Dár ndóigh bhí a fhios acu go damanta maith cad é a bhí ann ach cha dtiocfadh leo an deis a ligean thart gan giota magaidh a dhéanamh. Shiúil siad thart fán veain ag amharc agus ag scrúdú, ag magadh is ag gáirí. Ansin léim Den isteach sa veain agus achan gháire aige. 'Tá mé den bharúil gur sna gasúraí tá'n leak'! ar seisean.*
*Sa bhliain 1960 pósadh Violet ar Phádraig Ó Gallchóir, Paidí Mhicí Mhánais as an Ghlíob agus chuaigh siad a chónaí ansin i dteach Phaidí ar an Ghlíob agus bhí cúigear clainne acu; Sally, Séamas, Johnny, Mary Teresa, agus Micheál agus tá siad uilig ina gcónaí agus pósta sa cheantar.*
*Ar an 30ú lá de Nollaig 1964 phós Den Mháire é féin Bidí Duffy as Baile a'tSléibhe. Rinne sé athchóiriú ar an teach beag ar an Mhuirleog inár rugadh agus inár tógadh é féin ann agus chuaigh siad a chónaí ansin. Ach chuaigh Den isteach i ndrochshláinte agus fuair sé bás sa bhliain 1973. Tá Bidí beo beathach go fóill agus í ag fáil an chuid is fearr de chúram agus d'aire óna nia Dinis Duffy agus a bhean Madge. Tá sí anois ar dhuine de na daoine is sine sa pharóiste agus í trí bliana ón chéad agus súil againn uilig go bhfeicfidh sí an céad agus tuilleadh lena chois.*
*Ní raibh an tsláinte go rómhaith ag Cassie agus í ag dul siar in aois agus leoga cha raibh seo tuillte aici i ndiaidh chomh crua agus a d'oibrigh sí i rith a saoil. Ba mhór an trua nach bhfuair sí faoiseamh agus deis sult a bhaint as an saol ag deireadh a cuid laetha ach ní sin mar a bhí. Fuair sí bás ar an 9 Feabhra, 1985.*
*Nuair a fuair seanChití bás sa bhliain 1965 d'aistrigh Paidí agus Violet ón Ghlíob go Ceann na Leargaidh.*
*I ndiaidh do Phaidí monarcha Mhic Nutt a fhágáil sa bhliain 1970 d'oibrigh sé go lánaimseartha ar an fheirm. Bhí saibhreas mór Gaeilge ag Paidí, stór scéalta agus é lán seanchais agus lena chois sin bhí sé tugtha den ghreann. Ba chuideachta iontach a bhí ann. Agus cosúil le muintir Mhic Giolla Shionnaigh féin bhí sé fial flaithiúil agus ina scoth comharsan. Ach ar an drochuair fuair sé bás nuair nach raibh súil leis sa bhliain 2004.*
*Níl an gleo, daoine ag teacht is ag imeacht, búireach eallaigh, tafann madaidh, grágáil agus scolgarnach na n-éanlaithe feirme ná na fuaimeanna feirme eile a bhí le cluinstin fá theach Isaac ansin níos mó. Cosúil le ceárta Mhic Gairbhe tá an ré sin thart agus muid anois istigh i ré mór na teicneolaíochta. Nach orainne a bhí thart san am sin a bhí an t-ádh go bhfuair muid blas agus taithí bhreá ar an seansaol agus a ndeachaigh leis.*


*Mícheál Mac Laifeartaigh, Cassie Nic Giolla Shionnaigh, Aodh Mac Laifeartaigh, Maggie Nic Giolla Shionnaigh (Elec) agus Máire Mhic Giolla Bhríde (Máire Eoin)*

*Tá Violet ansin léi féin anois ach nach deas di go bhfuil a clann agus a cuid garpháistí thart uirthi le cian a thógáil di agus le spreagadh a thabhairt dithe nuair a bhíonn sé de dhíth.*

* * * *

## Teach Shéarlaí Dháibhí.

*Bhí teach Chlann Mhic Giolla Shionnaigh nó teach Shéarlaí Dháibhí mar ab fhearr aithne air fán cheantar ar an chríoch thoir den bhaile*

*fearainn. Bhí feirm den scoth anseo, cuibhrinn bhreátha a reáchtáil síos go Lag na hUillinne agus talamh cnocach thuas ar chúl an tí a bhí fóirsteanach do chaoirigh. Bhí gairdíní úll agus toibreacha fíoruisce thart fán teach agus an chuid ab fhearr de threalamh feirme acu. Choinnigh siad tréad mór bó bhainne agus bhí neart éanlaith tís acu fán áit fosta; cearca, lachain agus turcaithe.*

*Ina gcónaí anseo ag tús an chéid dheireanaigh bhí Robert, Tom, Davy, Dick agus Maggie. Davy an t-aon duine acu a bhí pósta. Bhí sé i gceannas ar na doirseoirí in Óstlann Ros na Binne ag tús a shaoil (Davy beag a thugtaí air) agus ansin níos faide anonn ina shaol thart fán bhliain 1935 thóg sé Óstlann na Trá (Beach Hotel) sna Dúnaibh. Bhí Davy beag ar dhuine den triúr a roghnaigh an Tiarna Liatroma le dhul go Sasana le gunnaí a cheannacht agus a thabhairt go hÉirinn do na Ulster Volunteers, rud a d'éirigh leo a dhéanamh. Thug siad lód gunnaí i dtír i Rawros ar bhád de chuid an Tiarna sa bhliain 1913.*

*Mar a dúirt mé ba Davy Beag an t-aon duine acu a bhí pósta agus bhí cúigear clainne aige, Mosie, Davy, Charlie, Ruby agus Irene. Bhí Irene ina banaltra sna Sé Contae agus ní raibh sí pósta. Bhí Davy agus Charlie ar shiúl as baile ach bhí Mosie thart bunús an ama ach ní raibh sé pósta. Bhí Ruby pósta ar an ealaíontóir Taylor Carson agus bhí beirt*



*Davy Beag*

*clainne acu, Michael agus Patricia. Tá an bheirt acu ina gcónaí i mBaile Átha Cliath. Is abhcóideach sinsireach é Michael.*

*Ba Robert an duine ba shine acu agus d'oibrigh sé féin agus Tom go dícheallach ar an fheirm i gCeann na Leargaidh. Chaith Dick an chuid ba mhó dá shaol i Meiriceá ach thagadh sé 'na bhaile go rialta. Ba Maggie an t-aon bhean a bhí sa teaghlach agus bhí sí geallta lá den tsaol ar Joe Mc Nutt ach bhris sin suas agus chuaigh siad a mbealach féin. Níor phós sí ariamh.*

*Ba ghnách le Annie Rooney cuid mhaith ama a*



*Óstlann na Trá*

*chaitheamh fán teach ag timireacht agus í ina páiste. Ba dhaoine lách dea-chroíoch a bhí iontu. Bhí laethanta móra fán fheirm a mbíodh Annie ansin ag cuidiú le Maggie, lá a mbítí ag baint phrátaí, ag bualadh coirce, nó ag cur isteach an fhéir. Ba ghnách le meitheal a bheith ansin ar na laethanta áirithe seo agus bhíodh Annie agus Maggie gnóthach ag ullmhú na mbéilí. Lá mór eile a bhíodh acu ná an lá a mbítí ag bualadh bainne, bhí tréad mór eallach acu agus ba Maggie í féin a rinne iad uilig a bhlí.*

*Bhí cuimhne mhaith ag Annie ar cheann de na laethanta a raibh Dick ag imeacht ar ais go Meiriceá agus chuir sé ceist uirthi cad é ba mhaith léi é ceannacht dithe. Dár ndóigh girseach óg naoi nó deich de bhlianta cad é eile a déarfadh sí ach bábóg. Shíl Annie gur sin a dheireadh agus chomh luath agus a bheadh Dick ar shiúl amach cnoc an Station go mbeadh dearmad déanta aige den bhábóg. Ach chan sin mar a bhí mar an chéad uair eile a tháinig sé chun an bhaile as Meiriceá bhí bábóg dheas aige d'Annie a bhí déanta suas go hálainn istigh i mbosca. Shíl Annie an saol don bhábóg seo a bhí faighte aici agus is cinnte nach raibh mórán páistí fán áit sna triochaidí a mbeadh bábóg acu. Bhí Annie i ngrá lena bábóg agus í go maith isteach sna déaga ach lá amháin agus*

í amuigh ag obair thug a máthair ar shiúl an bhábóg do thachrán eile. Nuair a hinsíodh seo d'Annie i ndiaidh a theacht 'na bhaile di bhí sí croíbhriste agus rinne sí a gearán a chur in iúl go láidir dá máthair ach ní raibh d'amhail ag a máthair uirthi ach a rá léithe go raibh sí '.... ag éirigh róshean do bhábóga'

Fuair Maggie bás sa bhliain 1939. Tháinig Dick 'na bhaile as Meiriceá agus é i ndrochshláinte. Bhí a bhanaltra féin aige sna blianta deireanacha seo le hamharc ina dhiaidh agus le haire a thabhairt dó mar go raibh sé, de réir cosúlachta i bpian mhór bunús an ama. Fuair sé bás sa bhliain 1950. Mosie, mac le Davy, an duine deireanach a rinne cónaí sa teach ach thréig seisean an teach breá seo sna caogadaí agus fá cheann traidhfil de bhlianta ina dhiaidh sin bhí an teach ag titim as a chéile agus char deineadh obair chothbahála ar bith air. Ba i gCarraig Airt a bhí cónaí ar Mhosie sna blianta deireanacha agus fuair sé bás ansin sa bhliain 1980.

Fágadh Ostlann na Trá ag Ruby agus rinne sí féin agus a fear céile Taylor Carson é a reáchtáil go dtí tús na seachtóidí. Fuair Ruby bás roinnt blianta ó shin ach tá Taylor beo beathach go fóill agus é in Ionad seandaoine i mBaile Atha Cliath cóngarach don áit a bhfuil cónaí ar a mhac Michael. Shocraigh Michael timpeall is deich mbliana ó shin cóiriú iomlán a dhéanamh ar an tseanteach agus chuir sé bail



Dick Mac Giolla Shionnaigh

bhreá air. Is teach saoire atá ann anois do fhéin agus dá chlann.

*Curtha le chéile ag Aodh Mac Laifeartaigh.*



Paidí Mhici agus Mosie Mac Giolla Shionnaigh

Níl fhios ag fear an tí thall caidé mar atá fear a tí 'bhus

***

Is teann gach madadh ar a thairseach féin

***

Ní fhanann tráigh le éinne

***

# Clocha, Clocha, Clocha.

An lá faoi dheireadh chuala mé fear ag rá "Arú, níl iontu ach sean chlocha." Chuir sé mé ag smaoineamh ar an fhocal 'clocha' agus ag amharc thart domh ar ndóiche an chéad rud a thug mé fá dear ná balla cloiche. Leoga tá go leor acu thart anseo agus chan inniu ná inné a tógadh iad. Is iomaí uair a smaoiním ar na fir a thóg na ballaí sin. Creidim nach raibh 'Celtic Tiger' ar bith thart san am sin agus gur iomaí lá crua a chaith na daoine sin ar an ghannchuid agus b'fhéidir na clocha sneachta ag titim.

Nuair atá méid áirithe i gcloch, ní cloch atá ann níos mó ach carraig. Ach ab é go raibh carraigeacha againn, ní bheadh cnoic ná sléibhte againn. Smaoinigh ar sin: Cá leis a mbeadh Na Dúnaibh cosúil gan Gáinne Mór? Nó Tír Chonaill gan an Mhucais ná an Eargail? Nó Ciarraí gan Carn Tuathail? Agus ar ndóiche an domhain gan Everest agus na Himalayas? Ní bheadh an chuma chéanna ar Chontae an Chlár gan Beanna Móthair ach oiread.

Arís amharc ar ainmneacha na mbailte agus sráid-bhailte uilig a bhfuil baint acu le clocha agus carraigeacha: Cloch Bán (ar an taobh thoir), Carraig Airt, Clochán in aice le Gleann Fhinne, Cloch Glas in iarthar na contae, An Clochán Liath, Carraig Fhearghuis, Carraig na Siúire, 'Stoneybatter'agus Carraig na Sionainne.

Arís tá carraigeacha ar a bhfuil clú agus cáil: Carraig Ghoill, Carraig na bhFrancach, Carraig na Spáinneach, cóngarach do Ailt a' Chorráin, áit a ndeachaigh long mhór de chuid an 'Spanish Armada' go tóin na farraige sa bhliain 1588, agus ar ndóiche Carraig Gibraltar.

*Carraig Ghoill*



Tchíthear domh go bhfuil baint ag cúrsaí creidimh le clocha fosta. Mar shampla, is le clocha a maraíodh an chéad mhairtíreach, Naomh Stiofán. Nuair a labhair Íosa le Peadar dúirt sé: "Is tú Peadar agus is ar an charraig seo a thógas mé m'eaglais." Leoga is é is ciall leis an focal Laidin 'petrus' (óna bhfuair Peadar a ainm i mBéarla) ná carraig. Nár dhúirt an Tiarna "Cibé ata saor caitheadh sé an chéad chloch" an t-am sin a beireadh ar an bhean bhocht a bhí ina peacach? Nuair a tháinig na saighdiúirí go dtí an tuama maidin Dhomhnach Cásca bhí an charraig mhór curtha ar leataobh. Nuair a dhéanann daoine tagairt den 'chloch is mó ar mo Phaidrín' is ar an phointe is tábhachtaí a bhíonn siad ag trácht air. Agus nár bhuail Maois ar chloch ónar tháinig uisce nuair a bhí na Giúdaigh amuigh san fhásach?

Ní creideamh an t-aon ábhar a bhfuil baint aige le clocha. Smaoinigh ar an cheol. Bheadh cuimhne ag cuid agaibh ar 'The Stone Outside Dan Murphy's Door' nó 'The Rocky Road to Dublin' agus 'Rhinestone Cowboy'. Tá an grúpa clúiteach sin 'The Rolling Stones' a bhíonn ag dul den '*rock* music'! Agus ar ndóiche caidé fán cheoltóir Dickie Rock?

Tá baint ag clocha le cúrsaí feirmeoireachta fosta. Cuireann an feirmeoir cloch ghorm ar na prátaí leis an aicíd dhubh a choinneáil ar shiúl uathu. Agus ansin nuair a bhíonn siad bainte is iomaí cloch phrátaí a ceannaítear agus tá ocht gcloch sa chéad meáchain. Bhí cloch speile ann chun faobhar a chur ar speal nó corrán agus cloch mhuilinn nó cloch bhró (quern stone) chun cruithneacht a mheilt le plúr a dhéanamh.

I ré na réamh-staire bhí An Chlochaois nuair a fuair an cine daonna amach caidé'n dóigh le tine a lasadh – bhain siad úsáid as cloch ghaoine (flintstone). Ná déan dearmad de Fred agus Wilma ach oiread! Amuigh ar Oileán Thoraigh, deirtear gur thiontaigh na hoileánaigh Cloch na Mallachtaí ar long chogaidh na Breataine sin 'An Wasp' agus chuir siad í go tóin na mara. Lenár linn féin rinne an Dílseoir Michael Stone ionsaí marfach i reilig Milltown i mBéal Feirste.

Ar chuala sibh iomrá riamh ar chloch dhomlais nó ar chloch dhuain? Muna ndearna, tá an t-ádh oraibh mar is rudaí creathnach pianmhar atá iontu, de réir dealraimh – 'gall stones' agus 'kidney stones'. Bhí cloch-an-chlúiteach san Éigipt fadó darbh ainm Cloch Rosetta agus leoga cloch thar a bheith tábhachtach a bhí inti. Gan í ní bheadh barúil ar bith ag na staraithe agus na seandálaithe fá na iairiglifeacha a tháinig siad orthu le linn tochailt na bpirimidí agus na dtuamaí agus nach mór an chaill a bheadh ansin.

Ar cheann de na háiteacha is mó a tharraingíonn turasóirí air sa tír seo tá Clochán na bhFómharach nó an 'Giant's Causeway' i gContae Aontroma. Agus arís caidé atá ann ach carn sean-chlocha! Ach ar ndoíche sean-chlocha an-speisialta atá iontu de thairbhe gur shíolraigh siad ó bholcán a tharla na mílte bliain ó shin agus a d'fhág na colúin heicseagánacha sin déanta as basalt atá chomh huathúil sin. Deir seanchaithe gur clochán a bhí ann do na fathaigh Albanacha agus na fathaigh Éireannacha sa doigh 's go mbeadh bealach acu fríd an fharraige nuair a bhí fonn troda orthu.

Más den tsloinne Mac a tSaoir nó McIntyre thú, ta achan seans gur ó shaor cloiche a shíolraigh tú, fir ceirde den chéad scoth a raibh ard-mheas orthu ar fud na tíre: chuala muid uilig scéalta fán Ghobán Saor. Bheadh baint ag na daoine seo leis an bhun chloch, an chloch mhullaigh agus cloch aoil, dar ndóiche.

Maidir le cúrsaí maoine de tá na clocha lómhara (precious stones), seodra macasamhail diamaint, smaragaidí (emeralds), rúibíní agus saifírí. Ag deireadh do shaoil tá achan seans go gcuirfidh do theaghlach cloch chinn no cloch chuimhneacháin ar d'uaigh!



*Diamant*



*Smaragaid*



*Rúibín*



*Saifír*

*Mar sin de an chéad uair eile a chluineann tú "níl iontu ach sean chlocha" tá i bhfad níos mó ná sin i gceist, nó ní mar a shíltear a bítear i gcónaí!*

*Caoimhín Mac a'Bháird*

# An Teach Mór.

Is cúis mhór bróid do mhuintir an Íochtair dráma eile a bheith scríofa agus léirithe ag Proinsias Ó Cuilinn. Dráma grinn atá sa dráma seo, cé go bhfuil sé lán feirge, anró agus caismirte. Tá Proinsias ábalta scéal a insint go géar fealsúnach agus tá tuiscint iontach aige ar mheon an duine.



Chonaic mé an dráma i gColáiste Ros Goill, áit a raibh slua aireach, gáireach cruinnithe, agus is cinnte go raibh ábhar gáire againn. Chá deachaigh dhá bhomaite ar bith thart nach raibh an díon a tógáil den halla le tréan fuaime an phraota gáire ón lucht éisteachta. Os rud é go mbeidh an dráma le feiceáil arís le linn an tsamhraidh, níl mé fá choinne é a mhilleadh agus an scéal a insint ach geallaim daoibh go mbainfidh sibh an-sult as.



Is leor a rá go bhfuil an dráma bunaithe ar lánúin a phill abhaile ó Shasana chuig deartháir a bhí ina bhaintreach. I ndiaidh tamaill ag obair faoina stiúir, shocraigh an bheirt ar scéim leis an phíosa talaimh a fháil uaidh. Anois fágfaidh mé an scéal ansin, ach is iontach agus is damanta an casadh atá in intinn na beirte agus is fíor chliste an dóigh a shníomhann Proinsias an rún fealltach atá acu isteach sa dráma.

Thiocfadh leat a rá go bhfuil trí phríomh pháirt sa dráma, iadsan ag Proinsias é féin, Fíona Pasoma agus Hughie Fina. Tá ceithre pháirt iontach greannmhar ag Tommy Clyde, Anthony Shuss, Hughie Fada agus John Mhicí Rua. Bhí na páirteanna eile ag Seosáimhín Uí Bhuaidhe, Seán Ó Dochartaigh, Stiofán Ó Sibhleáin agus Joe Ó Cuilinn, iad uilig thar barr.

Chuaigh Aisteoirí Mhíobhaigh go dtí an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta i Luimneach leis "An Teach Mór" i dtús mí na Bealtaine agus bhí siad ar an ardán arís i nGlaschú ar 6 Meitheamh. Beidh tuilleadh faoi seo sa chéad eagrán eile.

*Finola Harte.*







Seo thuas pictiúr de pháistí Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne a glacadh ar 6 Meitheamh agus iad ag imeacht ar thuras go "Jungle King".

## Campa Samhraidh 2008

Tá Campa Samhraidh Gaeilge á eagrú ag Coiste Céim Aniar do pháistí bunscoile idir 6 agus 12 bliana d'aois, ón 28 Iúil go dtí 8 Lúnasa, in Ionad Chumann Lúthchleas Gael na nDúnaibh. Tá an Campa seo oscailte fosta do pháistí cuairteoirí ar mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.

Beidh costas de €35 ann do sheachtain amháin nó €60 don choicís. Beidh na hábhair uilig déanta trí mheán na Gaeilge agus tá réimse leathan imeachtaí a bpleanáil amuigh faoin spéir agus taobh istigh.

Le d'áit a chur in áirithe cuir scairt ar Fíona nó Sally ar 074 9154830.

# An Teach Mór

Dráma grinn le hAisteoirí Mhíobhaigh

a chur i láthair

i

**gColáiste Ros Goill,**

Na Dúnaibh

**Dé Luain, 21 Iúil, 2008**

**8.00 i.n.**

## Dioplóma sa Ghaeilge

Cúrsa Gaeilge páirtaimseartha san Ionad Acmhainne, Na Dúnaibh. Is féidir an cúrsa seo a dhéanamh thar dhá bhliain nó, do dhaoine atá líofa sa Ghaeilge, thar bhliain amháin.

Tá an cúrsa seo faoi choimirce Ollscoil Mhig Aodha, Doire agus is féidir leanúint ar aghaidh uaidh agus Cúrsa Céime a dhéanamh.

Dhá oíche sa tseachtain atá i gceist agus cuirfear tús leis na ranganna i mí Meán Fómhair.

Tuilleadh eolais ó Chéim Aniar, Na Dúnaibh. Fón 074 9154830.

## Coiste Forbartha Charraig Airt

Tá an coiste ag iarraidh agus ag achainí ar an phobal áitiúil a gcroí–dícheall a dhéanamh i gcomórtas na mBailte Slachtmhara agus i gcomórtas an Baile Beo i mbliana. Má tá sé ar intinn agat do theach nó d' áit gnoithe a phéinteáil i mbliana, a luaithe a thig leat é seo a dhéanamh is amhlaidh is fearr. Ta se tábhachtach go mbeadh caighdeán ard i gceist i gcur i láthair na dtithe uilig atá taobh istigh de limistéir an bhaile. Iarrtar ar an phobal cinnte a dhéanamh go bhfuil an áit saor ó bhruscair agus luifearnach agus an caonach a bhaint as na "gutters ". Má tá do chúl-chlós le feiceáil ag an phobal nó ag na breithimh iarrtar oraibh é a choinneáil go deas slachtmhar.

Ghlac an coiste leis an dualgas atmaisféar Gaelach a chruthú sa cheantar agus beidh ceol traidisiúnta Mhíobhaigh le cluinstin i rith an tSamhraidh. Beidh an chéad oíche cheoil ar an 12ú Iúil in Óstan Charraig Airt agus beidh oíche eile faoin aer ag an chearnóg le ceoltóirí na háite. Gan aon dabht beidh príomh imeacht an tSamhraidh ar siúl i Halla an Pharóiste ar Dé Luain an 4ú Lúnasa ag 8 i.n. Beidh saibhreas ceoil traidisiúnta an cheantair a chur i láthair an phobail. Beidh ceol, damhsa agus filíocht i nGaeilge agus i mBéarla ann. Beidh filí an cheantair ag aithris a gcuid filíochta agus beidh file eile as an cheantar, Frank Galligan, mar fhear an tí don oíche. Cuirfear sonraí iomláin an chláir ar fáil níos moille. Idir an dá linn is féidir libhse dhul i dteagmháil le bhur gcairde atá as baile sa dóigh is go dtig leofa na laethanta saoire a phleanáil thart ar na dátaí seo agus a bheith páirteach sa cheiliúradh speisialta seo. Léiriú iontach a bheas anseo de na tréithe éagsúla atá sa cheantar - ná caill ar do bheo é.

# Feadaímó



Chaith Feadaímó an t-uisce amach an doras agus thriomaigh sé a aghaidh. Bhí a sheanmháthair ina suí sa chlúid agus aoibh bheag gáire ar a haghaidh. Shuí Feadaímó sa choirnéal ansin agus é ag cuimilt a bhróga troma le sean-bhratóg. Bhí a athair ina shuí le taobh na fuinneoige ag coiriú pota gliomaigh.
Anois is arís chaith sé leathshúil ar Fheadaímó. Cad é faoi Dhia a bhí Feadaímó ag déanamh tráthnóna samhraidh. De ghnáth bheadh sé amuigh leis na boic óga eile ag siúl na mbóithre ag comhrá agus ag cleasaíocht go h-uair an mheán oíche. Sheas Paidí agus thóg sé aibhleog ón tine agus las sé a phíopa. Chuaigh sé a fhad leis an leathdhoras agus d'amharc sé amach. D'éirigh an madadh ón teallach agus bhain croi-theadh maith as féin ach luigh sé síos ar ais nuair a d'aithin sé nach raibh Paidí ag dul amach. "Nach breá an tráthnóna é," dúirt Paidí. Cha shílim go bhfuil an oiread gaoithe amuigh is a mhúchadh coinneal. Leis sin léim an coileach suas ar an leathdhoras agus bhuail Paidí é lena bhairéad. "Imigh leat, a ghadaí gan mhúineadh," a dúirt sé. Níor fhan an coileach ar an darna buille agus anuas leis is achan ghairm uaidh ag briseadh suaimhneas an tráthnóna. "Isteach sa phota a ba cheart a chur," dúirt sé, agus d'amharc sé ar Fheadaímó. "Chan fhaca mé bróg ar do chos ariamh ag an am seo don bhliain. Agus rud eile de, cha chuirfeá a leithéid de snas ar bhróg is an t-easpag sa teach pobail." Níor thóg Feadaímó a cheann ar chor ar bith. Shín Paidí é féin ar leathuillinn ag amharc amach agus gach aon smailc as an phíopa aige. Cha raibh sé ag súil le seo. Ní raibh amhras ar bith fá dtaobh de, bhí bean i gceist. Cad é'n dóigh ar tharla seo i ngan fhios dó? Bheadh air labhairt le Feardaí Ghracie Bháin. Eisean a rinne na cleamhnais uilig faoin cheantar. Bhí gaol agus cleamhnas i bhfad ró-thábhachtach lena leithéid de rud a fhágáil ag na boic óga. Cha bheadh a fhios agat cén cineál mná a thiocfadh chun an tí. B'fhéidir bean ó theaghlach gan talamh, nó bean gan spré, nó níos measa arís, bean gan gaol le muintir na háite. Bhí Paidí domhain ina chuid smaointe féin nuair a chuala sé Feadaímó ag caint.
"Seo, lig amach mé, tá an tráthnóna ag dul amú agus tá píosa le dul agam." Fear mór a bhí in Paidí ach bhí seacht n-orlach ag Feadaímó air. Chrom Feadaímó a cheann agus chuaigh amach. Thug Paidí faoi deara go raibh na bróga ceangailte le chéile agus iad crochta ar a mhuineál ag Feadaímó. Mairfidh na bróga sin tamall más mar sin atá tú a gcaitheadh," dúirt sé, ach níor dúirt Feadaímó a dhath. D'imigh sé agus é ag feadaíl. Choinnigh Paidí a shúile air go bhfeicfeadh sé cén bealach a raibh sé ag dul. Le sin tháinig máthair Fheadaímó isteach ón bhóitheach agus buicéad bainne lei. "Cá bhfuil Feadaímó ag dul?" ar sise, "Tá cuma air go bhfuil deifre air." "Chan iontas ar bith sin, a Nuala," a dúirt Paidí, gheallfainn bliain de mo shaol gur bean atá ag fanacht ar mhac s'againne." Thi-ontaigh Nuala. "An bhfuil tú cinnte? Char mhothaigh mise iomrá ar bith ar bhean. Níl sé ach ocht mbliana déag". Rinne Cití casacht bheag agus stad sí den chniotáil. "An é nach dtug tú faoi deara roimhe, a Nuala, gur fear atá i do mhac. An fear is fearr sa pharóiste gan amhras ar bith," dúirt sí. "An rud é nár aithin sibh go raibh Feadaímó ag dul thart mar a bheadh cat millte ag crónán ó mhaidin go hoíche le tamall anois?" "Ó, a Dhia," arsa Nuala. "Caithfidh tú rud éigin a dhéanamh, a Phaidí. Cad é atá ag Feadaímó le tabhairt do bhean? Agus rud eile de, níl mise ag iarraidh bean eile istigh anseo sa mhullach orm go fóill." "Glac go socair é, a Nuala," dúirt Paidí, níl duine ar bith ag caint fá phósadh go fóill. Rachaidh mise a fhad le Feardaí Ghracie Bháin anocht agus socróidh muid rud éigin." "Nach raibh tú ag éisteacht, arsa Nuala, "dúirt mé nach raibh mé ag iarraidh bean eile istigh anseo, agus nuair a thiocfas an t-am, beidh focal le rá agamsa faoin chineál bhean atá ag teacht isteach. Níl mise ag iarraidh mo shea-naois a chaitheadh le cailleach nimhneach faoin dhíon chéanna." Thosaigh Cití ag gáire. "Maise, má tá aithne ar bith agamsa ar Fheadaímó, cha shílim go mbeidh focal le rá ag aon duine den bheirt agaibh faoin bhean a roghnóidh sé."
Níor chuala Feadaímó a dhath den chomhrá seo agus é ar a bhealach chun an Ghleanna, agus dá gcluinfeadh chuirfeadh sé iontas air. Ní raibh Feadaímó ag smaoineamh ar phósadh ar chor ar bith. Bhí sé go díreach chun cuairt a thabhairt ar theach Mhicheál Uí Dhubhaigh, an fear a cheannaigh an bhó uaidh ar an aonach i gCarraig Airt coicís ó shin. Bhí iníon ag Micheál ceart go leor ach níor leag Feadaímó súil uirthi ach uair amháin agus ba sin lá an aonaigh. Ní raibh a fhi-os aige cé acu a bheadh suim dá laghad ag an chailín óg seo ann ach bhí a fhios aige nach raibh a dhath eile ar a intinn aige ón lá sin ach an cailín seo. Gráinne a bhí uirthi agus i dtaca le

Feadaímó de ní raibh a bualadh le fáil thall nó abhus. Ba í an cailín óg ba bhreátha a casadh ar Fheadaímó ina shaol agus bheadh lúcháir air dá gcaithfeadh sí cúpla focal ina threo gan a bheith ag caint faoi phósadh. Ba shochma shuaimhneach an tráthnóna é agus cha raibh sé i bhfad ag baint plaic as a thuras. Shuigh sé ar dhroichead bheag ag amharc siar ar theach Mhicheáil agus chur sé air a bhróga. Bhí siad chomh glan le bonn úr ach san am chéanna mhothaigh sé go raibh sé ag cailleadh uchtaigh agus bhí a bhéal chomh tirim sin nach raibh a fhios aige cé acu a bheadh sé ábalta labhairt leis an chailín seo ar chor ar bith.

Bhí sruthán beag thíos faoi agus d'ól sé braon amach as. Nuair a d'éirigh sé bhuail cloch é sa chloigeann agus thit sé ar a dhroim isteach sa tsruthán.

Chuala sé gáire agus daoine ag caint ach ghlac sé tamall beag air an mearbhlán a ghlanadh óna cheann. D'éirigh sé agus d'amharc suas ar an droichead. Bhí cúigear ag stánadh anuas air. Fir mhóra uilig a bhí iontu agus d'aithin Feadaímó iad. Clann Mhic Suibhne a bhí ann agus níor scéal maith ar bith ab ea seo d'Fheadaímó. Bhí droch-chlú orthu agus ní hannamh a thóg na boic chéanna racán ar aonach nó ar ócáid phoiblí ar bith den tsórt sin. Labhair Dinní, an dearthár is sinne. "Cad é atá fear na bhfaochóg ag déanamh fán bhaile s'againne tráthnóna mar seo?" "Gadaí atá ann" arsa fear eile acu. "Déarfainn go bhfuil sé go díreach ag feitheamh ar an dorchadas lena dhroch-ghníomh a dhéanamh" Bhuel, a Mhicí Óg," arsa Dinní, "b'fhéidir go bhfuil an ceart agat, agus má tá, cad é do bharúil a ba cheart dúinn a dhéanamh leis." Bhí an fhuil ag dul isteach ina shúil agus chuir Feadaímó suas a lámh le é a ghlanadh. "Ó", arsa Dinní, "tá sé gortaithe. An bhfuil sin nimhneach, a ghasúir bhig? Mhothaigh Feadaímó an fhearg ag éirigh ann ach choinnigh sé smacht air féin. Bhí siadsan ar an droichead agus eisean i bpoll. Cha chuirfeadh sé isteach ná amach orthu tuilleadh cloch a chaitheadh anuas sa mhullach air. Ghlac sé coiscéim suas agus bhuail cloch eile a ghualainn. "Na bog thusa orlach, a dhiúlaigh," arsa Dinní. Sheas Feadaímó. "Cad chuige an bhfuil sibh ag déanamh seo?," a dúirt sé. Cha dear mise a dhath oraibhse." "Níor íoc tú cáin an bhealaigh," arsa Dinní, "tá toistiún le híoc ar an droichead seo." "Ní raibh a leithéid de rud ann ariamh," dúirt Feadaímó. "Bhuel tá anois", arsa Labhraidh. Fear ard caol a bhí ann agus bhí casadh sa tsúil. Thóg sé cloch eile agus thaispeáin sé é d' Fheadaímó. "Tá cúig soicind agat leis an cháin a íoc, agus muna ndéanann tú sin bhéarfaidh mé seo duit idir an dá shúil.

"Seo an dóigh a bhfuil sé, a Labhraidh," dúirt Feadaímó, "dá mbeadh sé ar intinn agam do cháin a íoc, níl leathphingin liom, so tá sé go réidh agat an chloch sin a scaoileadh uait. Cibé ar bith, leis an tsúil cham sin atá agatsa ní shílim go bhfuil mé i gcontúirt mhór ar bith." Bhí Labhraidh tógálach fána shúil agus bhí a fhios ag Feadaímó seo go maith. Chaith Labhraidh an chloch ach an t-am seo bhí Feadaímó réidh. Phioc sé an chloch amach as an aer mar a bheadh sliotar ann agus chaith sé ar ais é le achan unsa nirt a bhí ina chorp. Bhuail an chloch Labhraidh idir an dá shúil agus thit sé mar a bheadh mála coirce ann. D'amharc na deartháireacha eile ar Labhraidh le hiontas. Cha raibh siad ag súil le seo ar chor ar bith agus rómhall a lig Séamaí, an fear ab óige, scairt rabhaidh as.

Bhí Feadaímó istigh ina measc agus a dhá dhorn ag pléascadh a n-aghaidheanna. Thóg sé Dinní mar a bheadh bábóg ann agus chaith sé trasna an droichid é. Bhuail sé Séamaí faoin smig agus chuaigh sé tóin thar cheann síos sa mhullach ar Dinní. Thit an croí as an bheirt eile agus scaip siad mar a bheadh caoirigh roimh mhadadh. Ní raibh fágtha ar an droichead ach Labhraidh ach ní raibh bogadh as.

Chuala Feadaímó scairt agus tháinig Micheál Ó Dubhaigh ina rith agus casúr adhmaid ina lámh. Shuí Feadaímó. "Tchím go bhfuil mé ró-mhall le cuidiú a thabhairt duit," a Fheadaímó. "Cha raibh cuidiú ar bith a dhíobháil ormsa le múineadh a chur ar scaifte mar sin" a dúirt Feadaímó. "Ach san am céanna, ní thuigim an fáth ar thosaigh siad ormsa. Cha raibh baint ar bith agamsa leofa ariamh." Tháinig srannfach beag as béal Labhraidh. "Níl sé marbh cibé" dúirt Micheál, "ach beidh cloigeann nimhneach air ar feadh tamaill." Sheas Feadaímó, "ní eisean an t-aon duine a bhfuil cloigeann nimhneach air," ar seisean. "Goitse," arsa Micheál. Caithfidh mé rud éigin a dhéanamh faoin chneá sin." Bhí Gráinne ina seasamh ag an doras nuair a fuair siad a fhad le teach Mhicheál agus ní raibh ar intinn Fheadaímó ach go raibh a chuid bróga salach i ndiaidh chomh cúramach agus a bhí sé leo.

*Beidh an chuid eile den scéal sa chéad eagrán eile.*

* * *




Ghlac Scoil Naomh Bríd páirt i gcomórtas Eolaíochta i mbliana. Bhí Gníomhaíochtaí Eolaíochta le déanamh ag achan rang. Chuir mo rangsa, Rang 4, an tionscadal le chéile don scoil. Bhain muid an dámhachtain. Chuaigh mé féin, Pádraig Mac Fhinneachta agus Léigh Áine Nic Iomhair go Sligeach don bhronnadh. Bhí an-lá againn.

Ben Mac Giolla Bhríde



*Ar Mhalaigh an Fhraoigh Dé Máirt, 10 Meitheamh.*

Tá a fhios againn ainmneacha na bpáistí, Fionnuala, Fiachra, Conn agus Aodh. An bhfuil a fhios ag aon duine agaibh ainm an athar agus na máthrach?



An Mhaol Ruaidh ón Ghlíob sa tsean-am.

Déan teagmháil linn: Ceim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.

Fón: 074 9154830 Facs: 074 9154830 Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta